Rewarding Learning

**ADVANCED**
**General Certificate of Education**
**2008**

# Stair

## Aonad Measúnaithe A2 3

*ag measúnú*

## Module 6

**[A2H31]**

**DÉ LUAIN 2 MEITHEAMH, IARNÓIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá leis seo.
Freagair rogha **amháin**.
Freagair ceist **1** agus ceist **2(a)** nó **2(b)** as do **rogha**.
Léirigh go soiléir ar do leabhrán freagraí cad é an rogha a rinne tú.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 60 an marc iomlán don aonad measúnaithe seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sna ceisteanna **uile**.

## Rogha 5 CRÍOCHDHEIGHILT NA hÉIREANN 1900–1925

Freagair ceist **1** agus ceist **2(a)** nó **2(b)**.

**1** Léigh na foinsí agus freagair na ceisteanna a leanann.

**Foinse 1**
Sliocht as alt, "Náisiúnaithe Éireannacha agus Iarracht an Chogaidh", a scríobh John Redmond, ceannaire Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann, ar 17 Meán Fómhair 1914. Tá míniú á thabhairt aige ar cad chuige ar chóir do náisiúnaithe na hÉireann tacú leis an Bhreatain Mhór sa Chéad Chogadh Domhanda.

> Ba é an dearcadh a chuir muid chun tosaigh riamh, dá mbronnfaí Rialtas Dúchais ar Éirinn, go mbeadh cairdeas agus dea-thoil ann in áit míshásaimh. Bheadh Éire ina foinse nirt, seachas laige, don Impireacht. Ós rud é go ndéanfar dlí de Rialtas Dúchais, tá sé ina dhualgas onóra ar Éirinn fanacht dílis don Bhreatain. Anois go bhfuil an Bhreatain gafa leis an chogadh is tromchúisí riamh sa stair, caithfidh Éire a sciar féin den ainnis agus den anró a iompar. Creidimid, áfach, gur chóir earcaigh Éireannacha in Arm na Breataine a choinneáil mar aonad, faoi cheannas Éireannach, i "mBriogáid Éireannach", sa dóigh is go dtuillfidh Éire creidiúint idirnáisiúnta ar son a gníomhartha. Lena chois sin, na hÉireannaigh a théann san arm, caithfear iad a fheistiú i gceart le haghaidh chosaint na tíre.

**Foinse 2**
Sliocht as litir ó John Dillon, leascheannaire Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann, chuig Sir Matthew Nathan, Fo-Rúnaí d'Éirinn, 28 Samhain 1914. Tá Dillon ag trácht ar thacaíocht náisiúnach na hÉireann ar son iarracht an chogaidh.

> Is díol náire anois é an Páirtí againn cionn is gur thosaigh an cogadh sular baineadh Rialtas Dúchais amach. Agus tá an Oifig Cogaidh agus údaráis rialtais i ndiaidh cur leis na deacrachtaí seo. Tacaíonn tromlach glan de náisiúnaithe na hÉireann leis an seasamh againn i dtaca le hiarracht an chogaidh. Chuir muid cosc le hiarrachtaí na nGearmánach tacaíocht a mhealladh ó na hÉireannaigh i Meiriceá in éadan Shasana. Méadófar ar na deacrachtaí againn, áfach, agus tiocfaidh laghdú ar earcaíocht náisiúnach d'Arm na Breataine má chuirtear diansmacht i bhfeidhm ar Shinn Féin mar gheall ar éilimh ó nuachtáin áirithe de chuid na dTóraithe. Murach an meon naimhdeach ón Oifig Cogaidh maidir lenár moladh do Bhriogáid Éireannach ar leith, ba mhó an líon Éireannach a rachadh isteach in Arm na Breataine roimhe seo.

**Foinse 3**

Sliocht as litir ón Easpag Caitliceach Fogarty as Cill Dilua, tacadóir le Páirtí Parlaiminteach na hÉireann, chuig John Redmond, 3 Meitheamh 1915.

> Fuair na Sasanaigh gach rud a bhí de dhíth orthu ó mhuintir na nÉireann, agus is cuma leo faoina mothúcháin. Sin luach ár saothair as a bheith dílis d'iarracht an chogaidh agus d'earcaíocht. Níl mórán sa difear idir Carson agus Impire na Gearmáine: den bheirt, is é an duine deiridh rogha an dá dhíogha. Goilleann sé go croí ionam smaoineamh ar shaighdiúirí Caitliceacha i mbun troda sa Fhrainc ní ar son na hÉireann ach ar son Carson agus chinsealacht na nOráisteach. Tá Rialtas Dúchais marbh go deo agus tá Éire fágtha anois gan páirtí náisiúnach ná preas náisiúnta. Níl sa *Freeman's Journal*, nuachtán Pháirtí Parliaminteach na hÉireann, feasta ach nuachtán bolscaireachta de chuid an rialtais agus níl i bPáirtí Parlaiminte na hÉireann ach uirlis impiriúil. Cad é atá i ndán dúinn san am atá le teacht – coinscríobh is dócha le troid fhuilteach idir sibhialtaigh agus saighdiúirí? Níor shamhlaigh mé riamh go dtoileodh Asquith go ndéanfaí mothúcháin na nÉireannach a uirísliú agus a scrios ar an dóigh seo.

**(a)** **Léigh Foinsí 1 agus 2.** Mínigh agus cuir i gcomparáid lena chéile tuairimí Redmond agus Dillon maidir le tacaíocht náisiúnaithe na hÉireann le haghaidh iarracht an chogaidh. [10]

**(b)** **Léigh na Foinsí uile.** Cén fhianaise atá le fáil iontu don tuairim go raibh rialtas na Breataine míbhuíoch as tacaíocht náisiúnaithe na hÉireann sa Chéad Chogadh Domhanda? [10]

**(c)** **Léigh na Foinsí uile.** Cé acu ceann de na foinsí ba thábhachtaí ag staraí i mbun staidéir ar na deacrachtaí a bhí ag Páirtí Parlaiminteach na hÉireann i ndiaidh don Chéad Chogadh Domhanda briseadh amach in 1914? [14]

**2 Ceachtar acu**

**(a)** "Bhí sé deacair géarchéim an Rialtais Dhúchais idir 1910–1914 a réiteach cionn is nár thuig Asquith agus na Liobrálaithe i gceart méid an doichill roimh Rialtas Dúchais." Cén fhírinne atá sa mheasúnú seo? [26]

**Nó**

**(b)** "Ba mar gheall ar Dheighiltí i Sinn Féin ó 1917 ar aghaidh ba mhó a thosaigh Cogadh Cathartha na hÉireann in 1922." Cén fhírinne atá sa ráiteas seo? [26]

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.